2024/653

14.3.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 387/2021**

**an 10 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/653]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/361 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 a mhéid a bhaineann le rochtain ar shonraí atá i stórtha trádála ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/362 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí an iarratais ar chlárú mar stór trádála ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 31bcg (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32019 R 0362**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/362 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 (IO L 81, 22.3.2019, lch. 74).'

2. Leasaítear pointe 31bch (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 ón gCoimisiún) mar a leanas:

   (i) cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach:

   '— **32019 R 0361**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/361 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 (IO L 81, 22.3.2019, lch. 69).';

   (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad oiriúnú (a):

   '(a) Tagairtí do 'comhaltaí CEBC', tuigfear go n-áirítear bainc cheannais náisiúnta Stáit CSTE leo, sa bhreis ar an mbrí atá leo sa Rialachán Tarmligthe.'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/361 agus (AE) 2019/362 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 81, 22.3.2019, lch. 69.
([2]) IO L 81, 22.3.2019, lch. 74.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021 ([3]), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 50/2021 ó Chomhchoiste LEE an 5 Feabhra 2021 ([4]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Rolf Einar FIFE

---

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) IO L, 2024/650, 14.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/650/oj.
([4]) IO L, 2024/46, 11.01.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/46/oj.